# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

**Eagrán Speisialta ***
**17 Lúnasa 2021**

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí


Clár


IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**An Chomhairle**

Conclúidí ón gComhairle maidir le hAosaigh Shonghonta a Chosaint ar fud an Aontais Eorpaigh .......... 1


GA

* Faoin tagairt C 330I a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

IV

*(Fógraí)*

# FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# AN CHOMHAIRLE

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE hAOSAIGH SHONGHONTA A CHOSAINT AR FUD AN AONTAIS EORPAIGH

(2021/C 330 I/01)

**Réamhrá**

*Maidir le hábhair a bhaineann leis an dlí sibhialta*

1. Le Coinbhinsiún na Háige an 13 Eanáir 2000 maidir le Cosaint Idirnáisiúnta Daoine Fásta ('Coinbhinsiún na Háige 2000'), déantar foráil maidir le daoine fásta a chosaint i staideanna idirnáisiúnta nach bhfuil in ann, mar gheall ar a gcuid dámha pearsanta a bheith lagaithe nó neamhdhóthanach, a leasanna a chosaint;

2. An 24 Deireadh Fómhair 2008, d'fhormheas an Chomhairle conclúidí ina n-iarrtar ar:

   a) na Ballstáit a bhfuil sé cinntithe acu cheana féin gur a leasa féin a bheadh sé aontú do Choinbhinsiún 2000 na Háige chun tús a chur chomh tapa agus is féidir, nó leanúint go gníomhach leis na nósanna imeachta chun é a shíniú agus/nó a dhaingniú, agus

   b) go ndéanfaidh an Coimisiún súil ghéar a choinneáil ar an taithí a fuarthas maidir le cur i bhfeidhm Choinbhinsiún na Háige 2000, agus aird á tabhairt ar na pléití ábhartha a rinneadh ag Comhdháil na Háige agus i gComhairle na hEorpa.

   Cuireadh in iúl sna conclúidí sin freisin, más gá, a luaithe a fhaightear taithí leordhóthanach agus Coinbhinsiún na Háige 2000 á chur i bhfeidhm, go bhféadfaí tús a chur leis an bplé ar a inmholta a bheadh sé bearta breise a thabhairt isteach ar leibhéal an Aontais;

3. Sa Rún uaithi an 18 Nollaig 2008, d'iarr Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún togra reachtach a thíolacadh, a luaithe a bheidh taithí leordhóthanach faighte ar fheidhmiú Choinbhinsiún na Háige 2000, maidir le comhar idir na Ballstáit a neartú agus maidir le haitheantas agus forfheidhmiú cinntí maidir le daoine fásta, sainorduithe éagumais agus cumhachtaí buana aturnae a fheabhsú;

4. In 2009, cuireadh i dtreis i gClár Stócólm gur cheart do na Ballstáit ar páirtithe i gCoinbhinsiún na Háige 2000 iad, nó na Ballstáit a bheidh ina bpáirtithe ann amach anseo, measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le tograí breise maidir le haosaigh shoghonta i bhfianaise na taithí a fuair siad agus Coinbhinsiún na Háige 2000 á chur i bhfeidhm acu, agus mhol sí do na Ballstáit páirt a ghlacadh sa Choinbhinsiún a luaithe is féidir;

5. Sa Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 1 Meitheamh 2017, moladh do na Ballstáit Coinbhinsiún na Háige 2000 a shíniú agus a dhaingniú agus féinchinntiúchán daoine fásta a chur chun cinn trí reachtaíocht a thabhairt isteach ina ndlí náisiúnta maidir le sainorduithe in oirchill éagumais. Deisigh sí moltaí chuig an gCoimisiún freisin maidir leis an ábhar seo, ag tabhairt dá haire go n-éilítear sraith chuimsitheach de ghníomhaíochtaí sonracha agus spriocdhírithe chun aosaigh shoghonta a chosaint, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas. Iarradh sa Rún sin go nglacfadh an Coimisiún togra le haghaidh Rialacháin a bheadh dírithe ar fheabhas a chur ar chomhar i measc na mBallstát agus ar aithint agus forfheidhmiú uathoibríoch cinntí maidir le haosaigh shoghonta a chosaint, chomh maith le sainorduithe in oirchill éagumais;

6. Dhaingnigh deich mBallstát Coinbhinsiún na Háige 2000 go dtí seo agus shínigh sé Bhallstát eile é; ([1])

7. Mar ionstraim um chearta an duine a bhfuil gné fhollasach forbartha sóisialta ag gabháil léi, déanann Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas an 13 Nollaig 2006 ('CRPD') ina bhfuil an tAontas agus a Bhallstáit araon páirteach, coincheap na ndaoine faoi mhíchumas a shainiú go ginearálta. Tháinig athrú paraidíme as CRPD i ndáil le hinniúlacht dhlíthiúil daoine faoi mhíchumas trína dhearbhú gur cheart go mbeadh acmhainneacht dhlíthiúil ag gach duine faoi mhíchumas ar bhonn comhionann le daoine eile. Ceanglaítear leis ar Stáit is Páirtithe bearta cuí a ghlacadh chun tacú le daoine faoi mhíchumas agus a n-inniúlacht dhlíthiúil á bhfeidhmiú acu. Cé go ndíríonn CRPD ar dhaoine faoi mhíchumas agus nach dtéann sé i ngleic le míchumas ó thaobh na "soghontachta" de, ach gur cur chuige bunaithe ar chearta an duine é, ba cheart Coinbhinsiún na Háige 2000 a chur chun feidhme agus lánurraim á tabhairt do CRPD. Tá cur chun feidhme an dá ionstraim sin i gcomhréir leis an gcuspóir cearta daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus a chosaint;

*Maidir le hábhair a bhaineann leis an dlí coiriúil*

8. Le Clár Stócólm cuireadh béim láidir ar chearta daoine aonair in imeachtaí coiriúla a neartú agus, i bpointe 2.4 de, ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur ghlac an Chomhairle an Treochlár chun cearta nós imeachta daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine atá cúisithe a neartú agus d'iarr sí ar an gCoimisiún freisin na tograí atá beartaithe a chur ar aghaidh, lena n-áirítear coimircí speisialta do dhaoine soghonta atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe (beart E);

9. Go dtí seo, glacadh sé bheart maidir le cearta nós imeachta in imeachtaí coiriúla de bhun an treochláir, eadhon Treoracha ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 2010/64/AE (maidir leis an gceart chun ateangaireachta agus aistriúcháin in imeachtaí coiriúla), Treoir 2012/13/AE (maidir leis an gceart chun faisnéise in imeachtaí coiriúla) agus Treoir 2013/48/AE (maidir leis an gceart chun rochtain a fháil ar dhlíodóir in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí maidir le barántas gabhála Eorpach, agus maidir leis an gceart go gcuirfí tríú páirtí ar an eolas nuair a chailltear an tsaoirse agus cumarsáid a dhéanamh le tríú daoine agus le húdaráis chonsalacha nuair a chailltear an tsaoire), mar aon le Treoracha (AE) 2016/343 maidir le gnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta a neartú mar aon leis an gceart bheith i láthair ag an triail in imeachtaí coiriúla). 2016/800 (maidir le coimircí nós imeachta do leanaí i.e. daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois, atá faoi dhrochamhras nó ar cosantóirí iad in imeachtaí coiriúla) agus 2016/1919 (maidir le cúnamh dlí do dhaoine atá faoi dhrochamhras nó ina gcosantóirí in imeachta coiriúla, agus do dhaoine iarrtha in imeachtaí barántais gabhála Eorpaigh); a mhéid a thugtar aghaidh sna treoracha sin ar riachtanais ar leith daoine soghonta atá faoi dhrochamhras nó atá ina gcosantóirí, ní mór iad a chur san áireamh agus iad á gcur chun feidhme;

10. Sa Mholadh ón gCoimisiún an 27 Samhain 2013 maidir le coimircí nós imeachta do dhaoine soghonta a bhfuil drochamhras fúthu nó atá ina gcosantóirí in imeachtaí coiriúla, iarradh ar na Ballstáit neartú a dhéanamh ar chearta áirithe nós imeachta de chuid na ndaoine soghonta uile atá faoi dhrochamhras nó atá ina gcosantóirí agus nach dtuigeann, nó nach bhfuil ar a gcumas páirt éifeachtach a ghlacadh in imeachtaí coiriúla mar gheall ar aois, staid mheabhrach nó choirp, nó míchumas. Dá bhrí sin, baineann an Moladh seo le haosaigh shoghonta. De réir a chineáil, áfach, ní dhéantar foráil inti do chearta ná d'oibleagáidí atá infhorfheidhmithe le dlí, agus níl fógra tugtha ach ag Ballstát amháin faoi na bearta is gá chun éifeacht a thabhairt don Mholadh;

11. Iarradh i bpointe 2.3.4 de Chlár Stócólm ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit aird ar leith a thabhairt ar íospartaigh na coireachta. Ar aon dul leis sin, an 10 Meitheamh 2011, ghlac an Chomhairle Rún maidir le Treochlár chun cearta agus cosaint íospartach a neartú, go háirithe in imeachtaí coiriúla;

12. Bunaíodh le Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle íoschaighdeáin maidir le cearta íospartaigh na coireachta, maidir le tacaíocht a thabhairt dóibh agus maidir le hiad a chosaint, chun a áirithiú go bhfaigheann íospartaigh na coireachta faisnéis iomchuí, tacaíocht agus cosaint agus go bhfuil siad in ann páirt a ghlacadh in imeachtaí coiriúla. Féachann sí leis an gceart chun dínite, saoil, iomláine choirp agus mheabhrach, saoirse agus slándála, meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh, an ceart chun maoine, prionsabal an neamh-

([1]) Tá tábla stádais ar fáil ag https://www.hcch.net/en/instruments/conventions/status-table/?cid=71

idirdhealaithe, prionsabal an chomhionannais idir mná agus fir, cearta an linbh, daoine scothaosta agus iad siúd faoi mhíchumas, agus an ceart chun triail chóir a fháil a chur chun cinn. Ní dhéanann an Treoir seo difear d'fhorálacha níos forleithne atá i ngníomhartha eile de chuid an Aontais Eorpaigh lena dtugtar aghaidh ar bhealach níos spriocdhírithe ar riachtanais shonracha catagóirí áirithe íospartach, amhail íospartaigh na gáinneála ar dhaoine agus íospartaigh mí-úsáide ghnéasach leanaí, teacht i dtír gnéasach agus pornagrafaíocht leanaí;

13. Aithnítear sa chéad Straitéis AE maidir le Cearta Íospartach (2020-2025) ([2]) go bhfuil sé dúshlánach go háirithe i gcás na n-íospartach is leochailí, amhail íospartaigh faoi mhíchumas agus íospartaigh scothaosta, dul trí imeachtaí coiriúla agus dul i ngleic le toradh na coireachta;

14. Léiríonn na tuarascálacha ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ina ndéantar measúnú ar chur chun feidhme na Treorach maidir le Cearta Íospartach ([3]) agus na Treorach maidir le hOrdú Cosanta Eorpach ([4]) nach mór tuilleadh dul chun cinn chun acmhainneacht iomlán na n-ionstraimí sin a bhaint amach;

**Tuairimí na Comhairle**

*Breithnithe ginearálta*

15. Téann Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas (2021-2030) i ngleic leis na dúshláin éagsúla atá ag daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear daoine scothaosta faoi mhíchumas, agus tá sé mar aidhm aici dul chun cinn a dhéanamh i gcur chun feidhme gach réimse de CRPD, ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon. Léirítear sa Straitéis go n-oibreoidh an Coimisiún leis na Ballstáit chun Coinbhinsiún na Háige 2000 a chur chun feidhme i gcomhréir leis an CRPD;

16. Tá tionchar ag géarchéim phaindéim COVID-19 ar an tsochaí go léir, agus tionchar ar leith aici orthu siúd a bhí leochaileach cheana féin;

17. Is feiniméan é aosú an daonra a théann i bhfeidhm ar ár sochaithe, agus méadú ag teacht ar líon agus ar chion na ndaoine scothaosta ar fud na hEorpa;

18. De réir Thuarascáil 2021 ar an Aosú a d'eisigh an Coimisiún Eorpach an 20 Samhain 2020, meastar go dtiocfaidh meath ar dhaonra iomlán an Aontais san fhadtéarma, agus go dtiocfaidh athrú nach beag ar an struchtúr aoise sna blianta amach romhainn. Meastar go dtiocfaidh meath ar dhaonra an Aontais ó 447 milliún duine in 2019 go 424 mhilliún in 2070 agus, le linn na tréimhse sin, go dtiocfaidh aois as cuimse ar dhaonra na mBallstát i bhfianaise na dinimice maidir le cúrsaí torthúlachta, ionchas saoil agus imirce. Meastar go dtiocfaidh méadú 5 bliana ar an aois airmheánach sna blianta amach romhainn;

19. Tá laincisí le sárú ag líon suntasach daoine fásta: Measann Eurostat go mbeidh míchumas de chineál éigin ar an gcúigiú cuid de dhaonra an Aontais faoin mbliain 2050. Tá nó beidh go leor de na haosaigh shoghonta sin agus, i ngeall ar an iliomad bacainní atá fós le sárú acu siúd a bhfuil míchumas meabhrach tromchúiseach agus/nó míchumas fisiceach acu, níl nó ní bheidh siad in ann a leasanna féin a chosaint gan tacaíocht leordhóthanach;

20. Tá tionchar ag an staid seo ar inniúlacht dhlíthiúil na n-aosach soghonta, a mbíonn dúshláin agus deacrachtaí rompu maidir lena gcearta a chosaint, a leasanna a chosaint agus rochtain a fháil ar cheartas, i gcásanna náisiúnta agus trasteorann araon. I gcásanna trasteorann, mar shampla i gcás saoránaigh a bhfuil cónaí orthu i Stát seachas Stát a náisiúntachta, d'fhéadfadh na deacrachtaí sin a bheith níos measa de dheasca bacainní breise maidir le teanga, ionadaíocht nó rochtain ar an gcóras breithiúnach agus ar sheirbhísí poiblí i gcoitinne;

([2]) COM(2020) 258 final, 24 Meitheamh 2020

([3]) Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme Threoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta íospartaigh na coireachta, maidir le tacaíocht a thabhairt dóibh agus maidir lena gcosaint, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle, COM (2020) 188 final, 11 Bealtaine 2020.

([4]) Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme Threoir 2011/99/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir leis an Ordú Cosanta Eorpach, COM(2020) 187 final, 11 Bealtaine 2020.

21. Ag tabhairt chun cuimhne Conclúidí 2020 ón gComhairle, "Rochtain ar an gceartas – na deiseanna a ghabhann leis an digiteáil a thapú", lena dtugtar aghaidh ar riachtanais na n-aosach soghonta maidir le rochtain dhigiteach ar cheartas, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar thacú tuilleadh le feabhas a chur ar a gcuid scileanna digiteacha agus ar an rochtain atá acu ar fhaisnéis, chun a gcearta a chosaint;

22. Is de bhunchlocha na saoránachta san Aontas an tsaoirse gluaiseachta agus an tsaoirse cónaithe do chách san Aontas, agus níor cheart an tsoghontacht a bheith ina bac ar lánfheidhmiú aon cheann de na cearta sin;

23. Sa mhalartú tuairimí a bhí ag na hAirí Dlí agus Cirt ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil a bhí acu an 29 Eanáir 2021, leag siad béim ar an tábhacht a bhaineann le Coinbhinsiún na Háige 2000 mar bhealach chun cosaint na n-aosach soghonta a neartú. Chuir na hairí chun suntais nach mór gur méadú ar líon na ndaingnithe a dhéanfaidh na Ballstáit a bheidh ar an gcéad chéim eile. Ina theannta sin, phléigh siad cé acu a d'fhéadfaí an creat a neartú laistigh den Aontas chun saorchúrsaíocht cinntí maidir le cosaint na n-aosach soghonta a éascú. I réimse an dlí choiriúil, leag na hAirí béim ar an ngá atá leis an gcreat dlíthiúil atá ann cheana a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr d'fhonn lánfheidhmiú chearta na n-aosach soghonta agus a gcosaint a áirithiú nuair is íospartaigh coireachta iad;

*Maidir le hábhair a bhaineann leis an dlí sibhialta*

24. Sa lá atá inniu ann, níl aon rialacha aonfhoirmeacha ann maidir leis an dlí idirnáisiúnta príobháideach infheidhme i réimse an chomhair bhreithiúnaigh maidir le hábhair a bhaineann leis an dlí sibhialta maidir le cosaint na n-aosach soghonta i gcásanna trasteorann san Aontas, agus tá éagothromaíochtaí idir dlíthe na mBallstát maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, agus maidir le haithint agus forghníomhú beart cosanta. D'fhéadfadh an éagsúlacht sna rialacha maidir leis na saincheisteanna sin dochar a dhéanamh d'fheidhmiú an chirt atá ag aosaigh soghonta gluaiseacht faoi shaoirse agus cónaí sa Bhallstát is rogha leo féin. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé bac a chur ar fhéidearthacht na saoránach sin cosaint leordhóthanach a fháil maidir le riar a gcuid maoine i gcomhthéacs trasteorann;

25. Is ceart bunúsach é an ceart féinchinntiúcháin, agus ba cheart pé cumhachtaí ionadaíochta a dhéanann aosach roimh ré maidir lena chúram nó lena cúram agus/nó lena ionadaíocht nó lena hionadaíocht a urramú laistigh den Aontas;

26. Déantar foráil i gCoinbhinsiún na Háige 2000 maidir le haosaigh a chosaint i staideanna idirnáisiúnta, ar aosaigh iad nach bhfuil in ann a leasanna féin a chosaint i ngeall ar lagú nó neamhleorgacht a n-acmhainní pearsanta. Is é is aidhm don Choinbhinsiún seo coinbhleachtaí a chosc idir córais dlí na bPáirtithe Conarthacha maidir le dlínse, an dlí is infheidhme agus maidir le haithint agus forghníomhú beart chun na haosaigh a chosaint, a áirithiú ag an am céanna go mbeidh feidhm dhlíthiúil ag 'cumhacht ionadaíochta' i bPáirtí Conarthach eile, agus sásra comhair riaracháin idir na Páirtithe a bhunú;

27. D'fhéadfadh deacrachtaí suntasacha a bheith ag aosaigh shoghonta i gcomhthéacs trasteorann laistigh den Aontas, mar shampla i gcás inar gá cinneadh lena n-ainmnítear ionadaí a eisítear i mBallstát amháin a aithint i mBallstát eile, nó i gcás inar gá caingne a bhaineann lena maoin dhochorraithe nó lena gcuntais bhainc atá lonnaithe thar lear, i mórán cásanna chun a gcothabháil féin a áirithiú;

28. Ag an 'gComhdháil Ardleibhéil maidir le haosaigh shoghonta a chosaint ar fud na hEorpa: an bealach chun cinn', a tionóladh an 30 Márta 2021, chuir roinnt painéalaithe i bhfios go láidir, cé go bhfuil sé tábhachtach taithí a fhorbairt agus measúnú a dhéanamh ar thorthaí chur chun feidhme Choinbhinsiún na Háige 2000, gur cheart don Aontas a bheith níos uaillmhianaí agus tuilleadh a dhéanamh chun rialacha maidir leis an dlí idirnáisiúnta príobháideach a chomhfhogasú chun cosaint éifeachtach d'aosaigh shoghonta a áirithiú ar bhonn phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh;

*Maidir le hábhair a bhaineann leis an dlí coiriúil*

29. Tá feidhmiú méadaitheach na gceart saorghluaiseachta agus cónaithe léirithe freisin sa mhéadú dosheachanta atá ag teacht ar líon na ndaoine atá rannpháirteach in imeachtaí coiriúla i mBallstát seachas Ballstát a náisiúntachta;

30. D'fhéadfadh deacrachtaí éagsúla a bheith ag aosaigh shoghonta atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe in imeachtaí coiriúla, ar deacrachtaí iad a d'fhéadfadh cur isteach ar fheidhmiú iomlán a gceart nós imeachta agus a d'fhéadfadh an bonn a bhaint den cheart chun triail chóir a fháil;

31. Ba cheart don Aontas agus dá institiúidí freagairt ar na fadhbanna agus ar na deacrachtaí a bhíonn ag saoránaigh na hEorpa agus a gcearta á bhfeidhmiú acu, go háirithe i gcásanna trasteorann, agus ní mór dóibh rochtain iomlán agus éifeachtach ar an gceartas a áirithiú do shaoránaigh uile na hEorpa;

32. Ag an 'gComhdháil Ardleibhéil maidir le haosaigh shoghonta a chosaint ar fud na hEorpa: an bealach chun cinn', a tionóladh an 30 Márta 2021, cuireadh chun suntais gur cheart coimircí nós imeachta a bheith i bhfeidhm do dhaoine leochaileacha, lena n-áirítear a riachtanais shonracha a shainaithint agus a aithint, agus iad a chur san áireamh le linn a rannpháirtíochta in imeachtaí coiriúla, agus tacaíocht a thabhairt chun a áirithiú go mbeidh tuiscint iomlán ag daoine atá faoi dhrochamhras agus atá cúisithe ar chineál na n-imeachtaí agus ar na hiarmhairtí a bhaineann leo, agus go mbeidís rannpháirteach go héifeachtach in imeachtaí coiriúla den sórt sin, chomh maith le daoine atá soghonta mar íospartaigh a chosaint.

**Conclúidí**

33. Agus aird á tabhairt aici ar an méid thuas, measann an Chomhairle gur cheart tuilleadh oibre a dhéanamh chun cosaint aosach soghonta laistigh den Aontas a neartú in ábhair a bhaineann leis an dlí sibhialta agus leis an dlí coiriúil araon.

34. I ndáil leis sin, iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, laistigh dá n-inniúlachtaí agus urraim á tabhairt do phrionsabal na coimhdeachta, agus í á chur i dtábhacht gur gá dúbláil rialacha a sheachaint, na bearta seo a leanas a ghlacadh:

IARRANN AN CHOMHAIRLE AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

*Maidir le hábhair a bhaineann leis an dlí sibhialta agus leis an dlí coiriúil araon*

— úsáid a bhaint, i gcás inar féidir, as na deiseanna cistiúcháin atá ar fáil ó bhuiséad an Aontais, amhail an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, an Clár Ceartais agus an Clár CERV, chun gníomhaíochtaí a fhorbairt go gníomhach a bhaineann le cearta aosach soghonta a chosaint agus a chur chun cinn, lena n-áirítear i réimse na litearthachta digití agus na scileanna digiteacha;

*Maidir le hábhair a bhaineann leis an dlí sibhialta*

— feasacht níos fearr ar Choinbhinsiún na Háige 2000 a chur chun cinn i measc na gcúirteanna, na gcleachtóirí agus na ngeallsealbhóirí uile a bhfuil baint acu lena chur chun feidhme, go háirithe trí thaithí a roinnt agus trí dhea-chleachtais a fhorbairt, do na Ballstáit sin atá ina bpáirtithe cheana i gCoinbhinsiún na Háige 2000;

— nósanna imeachta a thabhairt chun cinn chun Coinbhinsiún na Háige 2000 a dhaingniú, d'fhonn an daingniú a thabhairt chun críche a luaithe is féidir, go háirithe i bhfianaise an Choimisiúin Speisialta maidir leis an gCoinbhinsiún seo a eagróidh Comhdháil na Háige um an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach do na Ballstáit sin atá ag gabháil do nósanna imeachta den sórt sin;

— tús a chur le comhairliúcháin intíre agus/nó iad a thabhairt chun cinn maidir le haontachas féideartha le Coinbhinsiún na Háige 2000 chomh tapa agus is féidir do na Ballstáit eile uile;

— a áirithiú go mbeidh na bearta náisiúnta maidir le haosaigh shoghonta a chosaint i gcomhréir le CRPD.

*Maidir le hábhair a bhaineann leis an dlí coiriúil*

— cur chun feidhme ceart agus iomlán Threoir 2010/64/AE, Threoir 2012/13/AE, Threoir 2013/48/AE, Threoir (AE) 2016/343 agus Threoir (AE) 2016/1919 a áirithiú, agus dea-chleachtais a chomhroinnt, go háirithe a mhéid a bhaineann le haosaigh shoghonta;

— féachaint leis an Moladh ón gCoimisiún an 27 Samhain 2013 maidir le coimircí nós imeachta d'aosaigh shoghonta atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe in imeachtaí coiriúla, a chur san áireamh;

— cur chun feidhme ceart agus iomlán Threoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta íospartaigh na coireachta, maidir le tacaíocht a thabhairt dóibh agus maidir lena gcosaint, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle a áirithiú;

— a ndea-chleachtais maidir le cur chun feidhme Threoir 2012/29/AE a chomhroinnt, go háirithe a mhéid a bhaineann le seirbhísí tacaíochta speisialaithe comhtháite spriocdhírithe a bhunú sa bhreis ar sheirbhísí ginearálta tacaíochta íospartach nó mar chuid de na seirbhísí tacaíochta sin do na híospartaigh is soghonta, amhail seirbhísí míchumas-chuimsitheacha agus inrochtana, mar a leagtar síos i Straitéis an Aontais maidir le Cearta Íospartach 2020-2025;

— feabhas a chur ar an úsáid a bhaintear as sásraí cosanta íospartach trasteorann laistigh den Aontas, lena n-áirítear an t-ordú cosanta Eorpach; ([5])

— a áirithiú go ndéanfar aosaigh shoghonta, cibé acu daoine atá faoi dhrochamhras nó daoine atá cúisithe nó íospartaigh, a shainaithint go pras agus go ndéanfar a leochaileacht a mheas go leordhóthanach ionas gur féidir leo a gcearta a fheidhmiú go hiomlán faoi dhlí an Aontais, i gcomhréir le CRPD.

IARRANN AN CHOMHAIRLE AR AN GCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

*Maidir le hábhair a bhaineann leis an dlí sibhialta*

— measúnú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh chun tuilleadh Ballstát a spreagadh chun Coinbhinsiún na Háige 2000 a dhaingniú chomh tapa agus is féidir;

— staidéar críochnúil a dhéanamh, arb é is aidhm dó machnamh cúramach a dhéanamh agus measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh an tAontas Eorpach cosaint aosach soghonta a neartú a thuilleadh i gcásanna trasteorann;

— machnamh a dhéanamh ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith le creat dlíthiúil laistigh den Aontas Eorpach chun saorchúrsaíocht cinntí breithiúnacha agus seachbhreithiúnacha a éascú maidir le haosaigh shoghonta a chosaint in ábhair shibhialta, lena bhféadfaí cumhachtaí ionadaíochta a áireamh freisin, agus treoracha maidir le cóir leighis a thabhairt chun cinn;

— tuarascáil ar thorthaí an staidéir a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, lena ngabhfaidh, más gá, tograí reachtacha;

*Maidir le hábhair a bhaineann leis an dlí coiriúil*

— scrúdú a dhéanamh an gá na coimircí nós imeachta d'aosaigh shoghonta atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe in imeachtaí coiriúla a neartú ar bhealach cuimsitheach, ar bhonn staidéir lena bhféadfar machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar cheart don Aontas Eorpach dul chun cinn a dhéanamh maidir le haosaigh shoghonta a chosaint i gcomhréir le CRPD;

— machnamh cúramach a dhéanamh ar an ngá atá le critéir aonfhoirmeacha chomhchoiteanna a shainaithint chun aosaigh shoghonta in imeachtaí coiriúla a shainaithint, agus é á chur san áireamh go bhféadfadh leochaileacht a bheith inchurtha i leith réimse leathan imthosca agus nach gá go mbeadh cúis choiteann amháin léi;

— riachtanais shonracha aosach soghonta a chur san áireamh agus faireachán á dhéanamh ar chur chun feidhme ceart agus iomlán Threoir 2010/64/AE, Threoir 2012/13/AE, Threoir 2013/48/AE, Threoir (AE) 2016/343 agus Threoir (AE) 2016/1919 thuasluaite, agus cur chun feidhme ceart agus iomlán na dTreoracha sin á áirithiú, sa mhéid go dtugtar aghaidh sna treoracha sin ar riachtanais ar leith daoine soghonta atá faoi dhrochamhras nó daoine atá cúisithe;

— cosaint spriocdhírithe agus speisialaithe d'aosaigh shoghonta a chur chun cinn trí dheiseanna maoinithe an Aontais agus trí fheachtas feasachta an Aontais maidir le cearta íospartach, mar a cuireadh i bhfios go láidir i Straitéis an Aontais maidir le Cearta Íospartach (2020-2025); ba cheart trasnachas na híospairte a chur san áireamh sa tacaíocht agus sa chosaint sin;

— riachtanais shonracha aosach soghonta a chur san áireamh agus faireachán á dhéanamh ar chur chun feidhme ceart agus iomlán Threoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta agus cur chun feidhme ceart agus iomlán na Treorach sin, a ghabhann ionad Chinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle, á áirithiú; agus

— idirchaidreamh a dhéanamh leis na Ballstáit chun dea-chleachtais chothrománacha i ndáil leis seo a shainaithint.

---

([5]) Treoir 2011/99/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir leis an ordú cosanta Eorpach.

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA